Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 17 Meitheamh 2025**
**(OR. en)**

**10103/25**

**LIMITE**

**CONUN 86**
**ONU 37**
**COJUR 34**

PUBLIC

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | DRÉACHT-Chonclúidí ón gComhairle maidir le tosaíochtaí an Aontais sna Náisiúin Aontaithe le linn an 80ú seisiún de Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe, Meán Fómhair 2025 go Meán Fómhair 2026 |

**Conclúidí ón gComhairle maidir le tosaíochtaí an Aontais sna Náisiúin Aontaithe le linn an 80ú seisiún de Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe, Meán Fómhair 2025 go Meán Fómhair 2026**[1]

1. Tráth ina bhfuil dúshláin nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo, tá an tAontas, agus an 80ú seisiún den Chomhthionól Ginearálta ar na bacáin, tiomanta go hiomlán do chóras iltaobhach, bunaithe ar an **dlí idirnáisiúnta** agus dílis do chuspóirí agus do phrionsabail **Chairt na Náisiún Aontaithe**, chun an tsíocháin agus an tslándáil, urraim do chearta an duine agus an fhorbairt inbhuanaithe do chách a áirithiú.

2. Tá an tAontas fós ina chomhpháirtí **intuartha, iontaofa agus inchreidte**, agus é tiomanta teacht ar réitigh dhomhanda ar dhúshláin choiteanna, lena n-áirítear tríd an gComhshocrú don Todhchaí agus na hiarscríbhinní a ghabhann leis, an Comhshocrú Digiteach Domhanda agus an Dearbhú maidir leis na Glúnta atá le Teacht a chur chun feidhme. Tá an tAontas faoi réir **chun dul i dteagmháil leis na comhpháirtithe** chun athchóiriú na Náisiún Aontaithe a chur chun cinn trí '**thionscnamh NA80**', i dtreo Náisiúin Aontaithe a bheidh níos éifeachtaí, níos costéifeachtúla agus níos freagrúla, a bheidh in ann beart a dhéanamh go héifeachtach ar fud na dtrí cholún.

3. Agus imní uirthi faoi na bagairtí méadaitheacha éagsúla ar **an tsíocháin agus ar an tslándáil idirnáisiúnta**, go háirithe sáruithe forleathana ar Chairt na Náisiún Aontaithe, lena n-áirítear gníomhartha foghacha agus sárú ar an iomláine chríochach, tá an tAontas fós meáite ar shíocháin agus cobhsaíocht chóir mharthanach a choimirciú agus a athbhunú ar fud an domhain.

4. Agus an ceangal bunúsach idir an tsíocháin agus an tslándáil, cearta an duine agus an fhorbairt inbhuanaithe á aithint aige, sna gnéithe eacnamaíocha, sóisialta agus comhshaoil, leanann an tAontas de bheith tiomanta do **Chlár Oibre 2030**, agus do na **Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe** (SFInna) a bhaint amach.

5. Is bagairt eiseach í **géarchéim thriarach phláinéadach** an athraithe aeráide, chailliúint na bithéagsúlachta agus an truaillithe lena gcuirtear isteach ar gach duine ar fud an domhain agus ar shlándáil an domhain. Síníodh Comhaontú Pháras deich mbliana ó shin agus tacaíonn an tAontas go diongbháilte leis agus tá sé meáite ar oibriú leis na comhpháirtithe faoi chuimsiú na Náisiún Aontaithe chun dlús a chur le haistriú domhanda glas, cóir agus cuimsitheach.

[1] Tríd síos sa doiciméad seo, ní dhéanann úsáid 'an tAontas' réamhbhreith i dtaobh cibé acu is ag 'an tAontas', 'an tAontas agus a Bhallstáit' nó 'na Ballstáit' go heisiach atá an inniúlacht.

6. Beidh na tosaíochtaí seo a leanas mar threoir do ghníomhaíocht an Aontais ag na Náisiúin Aontaithe sa bhliain atá romhainn amach:

   I. Tacú le córas iltaobhach atá bunaithe ar an dlí idirnáisiúnta agus ar uilíocht chearta an duine;

   II. Athchóirithe cuimsitheacha a chur chun cinn chun borradh a chur faoi chóras na Náisiún Aontaithe; agus comhpháirtíochtaí éifeachtacha a shaothrú;

   III. Ailtireacht síochána agus slándála na Náisiún Aontaithe a neartú;

   IV. An fhorbairt inbhuanaithe a chur chun cinn i gcomhréir le Clár Oibre 2030;

   V. Aghaidh a thabhairt ar an ngéarchéim thriarach phláinéadach.

PUBLIC

## I. Tacú le córas iltaobhach atá bunaithe ar an dlí idirnáisiúnta agus ar uilíocht chearta an duine

7. De réir mar a leathnaíonn na dúshláin atá roimh chóras na Náisiún Aontaithe, leanfaidh an tAontas agus a Bhallstáit de thacaíocht a thabhairt d'iltaobhachas éifeachtach agus don **ord idirnáisiúnta riailbhunaithe** agus na Náisiúin Aontaithe ina chroílár de, agus cuirfidh siad i gcoinne iarrachtaí an bonn a bhaint de nó é a chreimeadh. Féachaimid leis an dlí idirnáisiúnta a chur chun cinn agus a chosaint, lena n-áirítear an dlí daonnúil idirnáisiúnta agus an dlí idirnáisiúnta um chearta an duine. Leanfaidh an tAontas de bheith ag seasamh le rialacha agus le prionsabail **Chairt na Náisiún Aontaithe**, lena n-áirítear rialacha agus prionsabail na ceannasachta agus na hiomláine críochaí, an neamhspleáchais pholaitiúil agus an fhéinchinntiúcháin. Ní féidir na prionsabail sin a chaibidil ná a chur i mbaol.

8. Athdhearbhaíonn an tAontas a thiomantas buanseasmhach do **chearta an duine** a urramú, a chosaint agus a chur chun cinn go huilíoch do chách, i ngach aon áit. Is cearta uilíocha, dodhealaithe, idirspleácha agus idirghaolmhara iad cearta an duine, bídís sibhialta, cultúrtha, eacnamaíoch, polaitiúil nó sóisialta. Thairis sin, tá an tsíocháin agus an rathúnas, chomh maith le baint amach na spriocanna forbartha inbhuanaithe, fite fuaite leis an urraim don daonlathas, don smacht reachta, agus do chearta uile an duine. Agus comóradh 60 bliain á dhéanamh againn ar an gCúnant Idirnáisiúnta maidir le Cearta Eacnamaíocha, Sóisialta agus Cultúrtha (ICESCR) agus ar an gCúnant Idirnáisiúnta ar Chearta Sibhialta agus Polaitiúla (ICCPR) in 2026, cuireann an tAontas i bhfios go láidir ábharthacht agus tábhacht leanúnach na gconarthaí bunaidh sin chun caighdeáin dhomhanda maidir le cearta an duine a chur chun cinn. Bunóidh an tAontas a ghníomhaíochtaí ar **Chonclúidí 2025 ón gComhairle i ndáil le Tosaíochtaí an Aontais i bhfóraim na Náisiún Aontaithe maidir le cearta an duine.**

9. Beidh an tAontas tiomanta i gcónaí do **chlár oibre an chomhionannais agus don neamh-idirdhealú** agus, ina theannta sin, do theidlíocht gach duine chun réimse iomlán chearta an duine agus na saoirsí bunúsacha, agus do chosaint a thabhairt dóibh siúd atá faoi mhíbhuntáiste, leochaileach nó imeallaithe. Déanfaidh an tAontas an comhionannas inscne a chur chun cinn agus déanfaidh sé a chuid iarrachtaí i ndáil leis sin a uas-scálú ar bhealach fuinniúil, ós ábhar trasearnálach atá tábhachtach do cholúin uile na Náisiún Aontaithe é, go mbeadh cearta uile an duine ag gach uile bean agus cailín agus go bhféadfaidís iad a theachtadh go hiomlán, go ndéanfaí na mná agus na cailíní a chumhachtú agus go mbeadh rannpháirtíocht iomlán, chomhionann agus fhóinteach acu i ngach réimse, go háirithe i bpoist cheannaireachta. Chuige sin, glacfaidh an tAontas páirt ghníomhach agus chuiditheach san Imeacht Ardleibhéil maidir le Béising+30. Beidh cosc agus díothú an fhoréigin ghnéasaigh agus inscnebhunaithe, lena n-áirítear foréigean gnéasach a bhaineann le coinbhleacht, i gcroílár iarrachtaí an Aontais. Athdhearbhóidh an tAontas go bhfuil sé tiomanta do chearta uile an duine a bheith á dteachtadh go hiomlán agus ar bhealach comhionann ag daoine LGBTI agus go n-oibreoidh sé le go n-urramófar, go gcosnófar agus go gcomhlíonfar é sin. Leanfaidh an tAontas de thosaíocht a thabhairt do chearta an linbh agus na ndaoine óga, lena n-áirítear an rochtain uilíoch ar an oideachas cuimsitheach ardcháilíochta. Leanfaidh sé de bheith ag obair chun feabhas a chur ar chosaint agus teachtadh chearta daonna na ndaoine scothaosta agus chun feabhas a chur ar a bhfolláine.



PUBLIC

10. Tá an tAontas tiomanta i gcónaí do chur chun cinn, do chosaint agus do chomhlíonadh chearta uile an duine, **Clár Oibre Gníomhaíochta Bhéising agus Clár Oibre na Comhdhála Idirnáisiúnta maidir le Daonra agus Forbairt** (ICPD) a chur chun feidhme go héifeachtach agus go hiomlán, mar aon le pé toradh a bheidh ar a gcuid comhdhálacha athbhreithniúcháin, agus sa chomhthéacs sin, leanann an tAontas de bheith tiomanta do shláinte agus cearta gnéis agus atáirgthe. Agus beann aige ar an méid sin, athdhearbhaíonn an tAontas go bhfuil sé tiomanta do chur chun cinn, cosaint agus comhlíonadh an chirt atá ag gach duine smacht iomlán a bheith acu, agus cinneadh a dhéanamh gan bhac agus ar bhealach freagrach, ar ábhair a bhaineann lena ngnéasacht agus lena sláinte gnéis agus atáirgthe, saor ón idirdhealú, ón gcomhéigean agus ón bhforéigean. Leagan an tAontas béim ar a riachtanaí atá sé go mbeadh rochtain uilíoch ar fhaisnéis ardchaighdeáin, inacmhainne, chuimsitheach i leith na sláinte gnéis agus atáirgthe, agus i leith an oideachais, lena n-áirítear oideachas cuimsitheach gnéis, agus seirbhísí cúraim sláinte.

11. Tá an tAontas tiomanta i gcónaí deireadh a chur leis an tsaoirse ó phionós agus **an chuntasacht** a áirithiú i leith na sáruithe uile ar an dlí idirnáisiúnta. Leanfaidh an tAontas de thacaíocht a thabhairt sa phróiseas i dtreo ghlacadh an choinbhinsiúin maidir le coireanna in aghaidh an chine dhaonna a chosc agus a phionósú, chomh maith le hiarrachtaí ionsar imscrúduithe neamhspleácha ar sháruithe agus ar mhí-úsáidí chearta an duine agus ar sháruithe ar an dlí daonnúil idirnáisiúnta, lena n-áirítear sáruithe a d'fhéadfadh a bheith ina gcoireanna idirnáisiúnta. Athdhearbhaíonn an tAontas a thacaíocht bhuanseasmhach don chóras idirnáisiúnta ceartais choiriúil, go háirithe don **Chúirt Choiriúil Idirnáisiúnta**, agus a thiomanta atá sé Reacht na Róimhe a urramú agus neamhspleáchas agus sláine na Cúirte Coiriúla Idirnáisiúnta a chaomhnú.

12. Athdhearbhaíonn an tAontas go dtacaíonn sé go láidir leis an **gCúirt Bhreithiúnais Idirnáisiúnta** (CBI) mar cheann de phríomhcholúin an chórais cheartais idirnáisiúnta. Meabhraítear don Aontas go bhfuil orduithe agus breithiúnais CBI ceangailteach ar na páirtithe sa díospóid.

13. Leanfaidh an tAontas de thionscnaimh a chur chun cinn atá dírithe ar **an dlí idirnáisiúnta a fhorbairt** agus de thacaíocht a thabhairt dóibh, agus athdhearbhaíonn sé an ról tábhachtach atá ag an gCoimisiún Dlí Idirnáisiúnta (ILC) i ndáil leis sin. Tá sé ríthábhachtach go dtabharfar dóthain ama do ILC plé a dhéanamh chun a shainordú a chomhlíonadh.

PUBLIC

14. Meabhraítear don Aontas go bhfuil sé lántiomanta i gcónaí tacaíocht a thabhairt do ról na Náisiún Aontaithe maidir le comhordú a dhéanamh ar an bhfreagairt **dhaonnúil** idirnáisiúnta ar éigeandálaí a bunaíodh faoi Rún 46/182 ó Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe in 1991. Leanfaidh an tAontas de bheith ag obair chun an spás daonnúil a choimirciú le gur féidir rochtain dhaonnúil mhear gan bac a bheith ar dhaoine atá i ngátar agus gur fusa an rochtain sin, trí chosaint pearsanra dhaonnúil a ráthú, agus trí urraim do phrionsabail dhaonnúla na neamhchlaontachta, na neodrachta, an neamhspleáchais agus na daonnachta a áirithiú. Leanfaidh an tAontas d'aird ar leith a thabhairt orthu siúd is leochailí, lena n-áirítear daoine faoi mhíchumas.

PUBLIC

15. Leanfaidh an tAontas agus a Bhallstáit, arb iad an ranníocóir is mó ar domhan leis na Náisiúin Aontaithe agus an **deontóir daonnúil is mó** in 2024, de bheith ag léiriú go bhfuil sé tiomanta go daingean do chobhsaíocht airgeadais na Náisiún Aontaithe.

## II. Athchóirithe cuimsitheacha a chur chun cinn chun borradh a chur faoi chóras na Náisiún Aontaithe; agus comhpháirtíochtaí éifeachtacha a shaothrú

16. Tá an tAontas tiomanta i gcónaí don **Chomhshocrú don Todhchaí**, lena n-áirítear an dá iarscríbhinn a ghabhann leis, ar céim ríthábhachtach é chun borradh a chur faoi na Náisiúin Aontaithe, Clár Oibre 2030 agus na SFInna a bhaint amach, agus an t-ollstruchtúr airgeadais idirnáisiúnta a athchóiriú. Tá an tAontas faoi réir chun comhoibriú leis na páirtithe leasmhara uile chun a áirithiú go gcuirfear chun feidhme go héifeachtach é.

17. **Tá gá le hathchóirithe misniúla uaillmhianacha** chun a áirithiú go mbeidh córas na Náisiún Aontaithe in ann aghaidh a thabhairt ar dhúshláin dhomhanda agus beart éifeachtach a dhéanamh ar leibhéal na tíre. Tá sé léirithe ag an Aontas go bhfuil sé tiomanta le fada oibriú i gcomhar le Ballstáit na Náisiún Aontaithe, agus le córas na Náisiún Aontaithe chun an próiseas athchóirithe inmheánach leanúnach a chur chun cinn - **tionscnamh NA80** de chuid an Ardrúnaí - chun a áirithiú go mbeidh NA éifeachtach, cost-éifeachtúil agus freagrúil ann a bheidh in ann dul i ngleic ar bhealach níos fearr leis na dúshláin atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo.

18. Trí athchóirithe atá ar siúl agus a formhuiníodh cheana a chur chun feidhme go hiomlán agus go pras - lena n-áirítear ar chóras forbartha na Náisiún Aontaithe, ar bhainistíocht, agus ar cholún na síochána agus na slándála — cuirfear córas na Náisiún Aontaithe ar an mbóthar ceart chun cuspóirí thionscnamh NA80 a bhaint amach. Is díol sásaimh don Aontas an '**Athshocrú Daonnúil**' agus tá sé tiomanta oibriú ar bhealach cuiditheach leis na Náisiúin Aontaithe chun cabhrú le córas daonnúil a chothú trína mbeifear in ann níos mó gníomhaíochta daonnúla faoi stiúir áitiúil a dhéanamh, agus a bheidh á chosaint go hidirnáisiúnta i gcomhréir leis na prionsabail dhaonnúla agus i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta. Tacaíonn an tAontas freisin le **próiseas athchóirithe Chóras Forbartha na Náisiún Aontaithe** agus caithfear leas a bhaint as tionscnamh athchóirithe NA80 chun an próiseas sin a threisiú. Agus Córas na gComhordaitheoirí Cónaitheacha (RCS) a bheith athbheoite, rannchuidítear le comhar níos comhleanúnaí agus níos éifeachtaí idir an tAontas agus na Náisiúin Aontaithe ar leibhéal na tíre. Tá gá le tuilleadh iarrachtaí chun dul chun cinn a chomhdhlúthú, lena n-áirítear leanúint den leibhéal maoiniúcháin intuartha agus inbhuanaithe is gá a áirithiú don RCS agus aghaidh a thabhairt ar bhacainní eagraíochtúla ar lánpháirtiú na Náisiún Aontaithe ar leibhéal na tíre. Tá sé ríthábhachtach **comhleanúnachas** a áirithiú **idir NA80 agus an t-Athshocrú Daonnúil agus an t-athchóiriú ar Chóras Forbartha na Náisiún Aontaithe**, chun comóntacht na gcuspóirí agus tionchar comhcheangailte a áirithiú ionsar chur chun feidhme aontaithe éifeachtach a bheith á dhéanamh ag na Náisiún Aontaithe, go háirithe i suíomhanna coinbhleachta agus leochaileacha. Tá an tAontas tiomanta do ról réamhghníomhach agus cuiditheach a bheith aige i ndáil leis sin.

19. I gcomhréir lenár dtiomantas do chur chun feidhme an Chomhshocraithe don Todhchaí, tacaíonn an tAontas le h**athchóiriú cuimsitheach ar Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe (CSNA)** chun í a dhéanamh níos éifeachtaí, níos cuimsithí, níos trédhearcaí, níos daonlathaí agus níos cuntasaí agus chun réaltachtaí an lae inniu a léiriú ar bhealach níos fearr trí ghuth na réigiún tearcionadaithe a neartú. Tacaíonn an tAontas le tionscnamh na Fraince-Mheicsiceo darb aidhm srian a chur le húsáid an chrosta i gcásanna ainghníomhartha ollmhóra. Ina theannta sin, tá an tAontas tiomanta d'**athchóiriú na nInstitiúidí Idirnáisiúnta Airgeadais** (IIAnna) agus na mBanc Forbartha Iltaobhach (MFInna), lena n-áirítear trí chomhordú méadaithe idir córas de chuid na Náisiún Aontaithe agus MFInna, agus trí na geallsealbhóirí uile a dhéanamh rannpháirteach freisin. Táimid ag tnúth le [torthaí uaillmhianacha agus iad dírithe ar chúraimí] ar an gCeathrú Comhdháil Idirnáisiúnta um Maoiniú Forbraíochta (FFD4).

20. Leanfaidh an tAontas de **chomhpháirtíochtaí a chruthú agus a chothú ar fud bhallraíocht na Náisiún Aontaithe i gcoitinne**; leanfaidh sé de chomhdhearcaidh a chothú agus de bheith ag obair le chéile i dtimpeallacht atá ag athrú, chun tacú le córas éifeachtach iltaobhach.

21. Leanfaidh an tAontas de thacaíocht ghníomhach a thabhairt do **shochaí shibhialta** éagsúil neamhspleách, í a chur chun cinn agus a chumhachtú, ag tacú lena rannpháirtíocht fhóinteach sna próisis iltaobhacha, lena n-áirítear sna fóraim um chearta an duine, san fhorbairt inbhuanaithe, san idirghabháil síochána agus sa chinnteoireacht, ach gan a bheith teoranta dóibh sin amháin. Athdhearbhaíonn an tAontas ról tábhachtach an **aosa óig**, agus riachtanais agus leasanna na nglúnta atá le teacht á gcur san áireamh, agus athdhearbhaíonn sé a thiomantas don Dearbhú maidir leis na glúnta atá le teacht.

PUBLIC

## III. Ailtireacht síochána agus slándála na Náisiún Aontaithe a neartú

22. Agus méadú ag teacht ar líon agus ar ghéarú na gcoinbhleachtaí agus na gcogaí, is saoth leis an Aontas gurb iad na sibhialtaigh, lena n-áirítear mná, leanaí, daoine scothaosta agus daoine faoi mhíchumas, oibrithe daonnúla, foireann cúraim sláinte, iriseoirí chomh maith le pearsanra na Náisiún Aontaithe agus bonneagar agus sócmhainní sibhialtacha, is mó a ndírítear orthu, agus tá na déantóirí saor ó phionós; gurb iad na mná agus na cailíní fós is mó a bhíonn ag fulaingt, ós rud é go bhfuil an foréigean gnéasach a bhaineann le coinbhleacht ag dul i méid; agus go bhfuil méadú ag teacht ar an dúshlán a bhaineann leis an gceart uilíoch ó thaobh rochtain dhaonnúil atá sábháilte, tapa agus gan bhac nó ar an úsáid a bhaintear aisti mar shlis margántaíochta i gcoinbhleachtaí. Cuireann an tAontas i bhfios go láidir gur gá cloí leis an dlí daonnúil idirnáisiúnta i ngach coinbhleacht. 20 bliain ó bunaíodh an Fhreagracht as Cosaint, cloíonn an tAontas go hiomlán lena chur chun feidhme.

23. . Meabhraímid freagrachtaí Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe ar cheart dóibh a bheith ina gcroílár d’ollstruchtúr na síochána agus na slándála. Molaimid freisin obair atá á déanamh ag Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe maidir le hábhair a bhaineann leis an tsíocháin agus leis an tslándáil idirnáisiúnta, agus cuirimid i bhfios go láidir gur gá tuilleadh feabhais a chur ar na bealaí inar féidir le Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe rannchuidiú leis an tsíocháin agus an tslándáil idirnáisiúnta a chothabháil.

24. Is príomhthosaíocht de chuid an Aontais i gcónaí é go mbeadh **síocháin chuimsitheach chóir bhuan san Úcráin** a bhunófar ar phrionsabail Chairt na Náisiún Aontaithe agus ar phrionsabail an dlí idirnáisiúnta. Anois agus é ar siúl le breis is 3 bliana, tá mórchogadh foghach, neamhdhleathach, gan údar, na Rúise ar an Úcráin fós ag cur isteach go mór ar mhuintir na hÚcráine go príomha, agus tá éifeachtaí iarmharta le brath sa réigiún máguaird agus ar fud an domhain. Cáinimid gníomhaíochtaí na Rúise chun an struchtúr domhanda a dhíchobhsú chun an tsíocháin agus an tslándáil a chothabháil, lena n-áirítear ionstraimí Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe. Iarraimid sos cogaidh iomlán, neamhchoinníollach 30 lá ar a laghad, sos cogaidh a d'fhéadfadh a bheith ina chéim ríthábhachtach chun fulaingt na sibhialtach a laghdú agus spás a thabhairt do chainteanna fiúntacha le haghaidh fíorshíocháin, cainteanna darb aidhm deireadh a chur le cogadh foghach na Rúise agus síocháin chuimsitheach chóir mharthanach a athbhunú. Leanfaidh an tAontas agus na Ballstáit de sheasamh leis an dlí idirnáisiúnta agus d'urraim iomlán a bheith aige do cheannasacht, neamhspleáchas agus iomláine chríochach na hÚcráine laistigh dá teorainneacha a aithnítear go hidirnáisiúnta, de thacaíocht a thabhairt don Úcráin a fhad is gá, agus d'oibriú chun cuntasacht iomlán as coireanna a áirithiú.

25. Tá an staid in Gaza agus sa **Mheánoirthear** i ndrochriocht nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo agus beidh ár n-aird phráinneach leanúnach ag teastáil ina leith. Athdhearbhaíonn an tAontas agus a Bhallstáit a seasamh mar a leagtar amach é sna Conclúidí ábhartha ón gComhairle Eorpach. Iarrann an tAontas go gcuirfí an sos cogaidh ar bun láithreach bonn, rud a fhágfaidh go scaoilfear saor gach giall agus go gcuirfear deireadh buan leis an gcogaíocht. Tathantaíonn an tAontas ar na páirtithe uile a gcuid oibleagáidí faoin dlí idirnáisiúnta a chomhlíonadh, lena n-áirítear an dlí idirnáisiúnta um chearta an duine agus an dlí daonnúil idirnáisiúnta a urramú. Ní mór bearta práinneacha a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar an staid dhaonnúil thubaisteach, go háirithe ar an rochtain gan bhac ar an gcabhair daonnúil agus ar í a dháileadh go marthanach ar an mórchóir isteach in Gaza agus ar fud Gaza. Leagann an tAontas béim ar an ról bunriachtanach atá ag UNRWA, agus tacaíocht ríthábhachtach á tabhairt aige don phobal sibhialta in Gaza agus sa réigiún máguaird. Tá sé ríthábhachtach go leanfaí de Phlean Gníomhaíochta UNRWA a chur chun feidhme. Ní mór orduithe CBI a chur chun feidhme ina n-iomláine. Is den ríthábhacht é go ndéanfaidh Iosrael plé cuiditheach leis na Náisiúin Aontaithe agus lena ghníomhaireachtaí. Is díol sásaimh don Aontas na rúin ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe maidir leis an staid sa Mheánoirthear, ag meabhrú dó a gcineál ceangailteach, agus tá sé tiomanta i gcónaí síocháin mharthanach inbhuanaithe arna bunú ar an réiteach dhá stát a bhaint amach. Leanfaidh sé de bheith ag obair le comhpháirtithe réigiúnacha agus idirnáisiúnta, agus páirtithe eile nach iad, chuige sin, i gcomhthéacs na Comhdhála Ardleibhéil Idirnáisiúnta um Réiteach Síochánta ar Cheist na Palaistíne agus Chur Chun Feidhme an Réitigh Dhá Stát, faoi chomhchathaoirleacht na Fraince agus na hAraibe Sádaí.

26. Leanfaidh an tAontas de bheith ag díriú go cothrom ar **choinbhleachtaí** eile agus ar sháruithe agus mí-úsáidí chearta an duine ar fud an domhain. Tacóidh an tAontas le gach iarracht fhiúntach a dhéanfar darb aidhm deireadh a chur leis an gcogadh sa tSúdáin, chun an ghéarchéim dhaonnúil a mhaolú agus chun leanúint de bheith ag obair le sásraí cuntasachta idirnáisiúnta chun déantóirí na n-ainghníomhartha a thabhairt os comhair na cúirte. Tacaíonn an tAontas i gcónaí leis an tSomáil ina próiseas forbartha stáit agus i ngach a bhfuil á dhéanamh aici chun an sceimhlitheoireacht a buanchomhar agus an ghéarchéim dhaonnúil a mhaolú. Ní mór dúinn ár n-aird a dhíriú go práinneach freisin ar dhiúltú agus ar dhíothú atá á ndéanamh ag an Talaban san Afganastáin ar chearta an duine agus ar shaoirsí bunúsacha, ar mhná agus ar chailíní go háirithe, an géarú ar an bhforéigean agus an staid daonlathach atá ag dul in olcas in oirthear PDC agus ar choinbhleachtaí fada in Éimin, i Háítí agus i Maenmar. Tá rún daingean ag an Aontas i gcónaí tacú le muintir réigiún na Saiheile, agus leanfaidh sé d'oibriú leis na comhpháirtithe agus na heagraíochtaí réigiúnacha, chun aghaidh a thabhairt ar bhunchúiseanna na coinbhleachta, d'fhonn acmhainneachtaí a neartú chun cosc a chur ar choinbhleachtaí áitiúla a bheith ag géarú agus chun an sceimhlitheoireacht agus an t-antoisceachas foréigneach a chosc agus a chomhrac.

27. Déanfaidh an tAontas agus na Náisiúin Aontaithe obair as lámha a chéile chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin dhomhanda síochána agus slándála, agus béim á leagan ar choinbhleachtaí a chosc, ar an idirghabháil, ar an tsíocháin a chothú, ar an mbainistiú géarchéime, agus ar thacaíocht don iltaobhachas i gcomhréir le Cairt na Náisiún Aontaithe, de réir na **Comhpháirtíochta Straitéisí idir an tAontas agus na Náisiúin Aontaithe maidir leis an tSíocháin agus antSlándáil**.

28. Tacaíonn an tAontas leis an mbéim a leagann an Comhshocrú don Todhchaí ar **choinbhleachtaí a chosc** agus ar an tsíocháin a chothú mar oibleagáid uilíoch, lena ngabhann bosca uirlisí neartaithe ó na Náisiúin Aontaithe. Is trí chur chun feidhme Chlár Oibre 2030, Chairt na Náisiún Aontaithe agus Dearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine (DUCD) agus trí dlús a chur faoin líonra daonnúil um fhorbairt ar shíochánaíocht, beifear in ann aghaidh a thabhairt ar bhunchúiseanna na coinbhleachta agus cultúr cuimsitheach síochána a chur chun cinn. Ar an gcaoi chéanna, ní mór dúinn aghaidh a thabhairt ar na hidirnaisc idir an aeráid, an tsíocháin agus an tslándáil agus cur chun feidhme iomlán a áirithiú, trí iarrachtaí comhpháirteacha, i gcás cláir oibre éagsúla, is iad sin an Clár Oibre maidir le Mná, an tSíocháin agus an tSlándáil, an Clár Oibre maidir leis an Óige, an tSíocháin agus an tSlándáil, agus an Clár Oibre maidir le Leanaí agus Coinbhleacht Armtha. Ní mór dúinn rannpháirtíocht iomlán, chomhionann, fhóinteach agus shábháilte na mban a áirithiú ar gach leibhéal i gcothú na síochána agus sna próisis síochána.

29. Is deis é **Athbhreithniú 2025 ar an Ollstruchtúr um Chothú na Síochána** (PBAR) chun gníomh a dhéanamh de ghealltanais pholaitiúla, gníomh lena leathnófar an clár oibre um chothú na síochána chuig córas iomlán na Náisiún Aontaithe. Tacaíonn an tAontas leis na hiarrachtaí atá á ndéanamh chun cur chuige ón mbun aníos agus atá faoi stiúir náisiúnta a fhorbairt maidir le coinbhleachtaí a chosc, mar a chuirtear in iúl i **straitéisí náisiúnta coisctheacha**, arna neartú trí bhíthin chlár Chomhairleoirí Síochána agus Forbartha na Náisiún Aontaithe a mhaoinítear go leordhóthanach. Ba cheart do PBAR féachaint conas ról agus modhanna oibre **an Choimisiúin um Chothú na Síochána** a neartú a thuilleadh, ag tógáil ar an gComhshocrú don Todhchaí. Ní mór **Ciste NA um Chothú na Síochána** a bheith á mhaoiniú go leordhóthanach, go hintuartha agus go hinbhuanaithe ag Ballstáit na Náisiún Aontaithe ós rud é nach leor gnáthbhuiséad NA amháin a úsáid chun an bhearna mhaoiniúcháin a líonadh.

30. Is uirlis ríthábhachtach iltaobhach fós iad **Oibríochtaí Síochána na Náisiún Aontaithe**, lena n-áirítear na Feachtais Síochánaíochta agus na Misin Pholaitiúla Speisialta, chun an choinbhleacht armtha a chosc, an tsíocháin a chothú, tacú le réiteach síochánta ar choinbhleachtaí, agus aghaidh a thabhairt ar bhagairtí ar an tsíocháin agus ar an tslándáil idirnáisiúnta. Chuige sin, ní mór dóibh a bheith oiriúnach dá bhfeidhm, agus ní mór iad a úsáid le sainorduithe soiléire, spriocdhírithe, tosaíochta, solúbtha, mar aon le hacmhainní leordhóthanacha agus straitéisí scoir. Is díol sásaimh don Aontas **an t-athbhreithniú ar oibríochtaí síochána na Náisiún Aontaithe**, agus molann sé do Chomhaltaí uile na Náisiún Aontaithe an deis seo a thapú chun oibríochtaí síochána a oiriúnú do thimpeallacht chasta pholaitiúil agus slándála na linne seo. Ba cheart leanúint de mholtaí thionscnaimh na Gníomhaíochta le haghaidh na Síochánaíochta (A4P) agus na dtionscnamh A4P+ a chur chun feidhme, agus ba cheart do Bhallstáit na Náisiún Aontaithe tacú leo, i gcomhréir leis an bplé a rinneadh ag Cruinniú Aireachta na Náisiún Aontaithe maidir le leis an tSíochánaíocht.

31. Cuireann an tAontas i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé a chinntiú go bhfaighidh feachtais síochánaíochta na Náisiún Aontaithe tacaíocht pholaitiúil leanúnach agus acmhainní leordhóthanacha, inbhuanaithe agus intuartha, lena n-áirítear trí **rannpháirtíocht réigiúnach** fheabhsaithe. I ndáil leis an méid sin, athdhearbhaíonn an tAontas go dtacaíonn sé le cur chun feidhme Rún 2719 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe, lena bhféadfar leas a bhaint as na ranníocaíochtaí arna measúnú ag na Náisiúin Aontaithe chun suas le 75 % d’Oibríochtaí Tacaíochta Síochána, atá faoi stiúir an Aontais Afracaigh agus arna n-údarú ag CSNA, a mhaoiniú.


PUBLIC

32. Is príomhthosaíocht i gcónaí iad **an tsábháilteacht agus an tslándáil mhuirí**. Tá an tAontas tiomanta seasamh leis an ord idirnáisiúnta riailbhunaithe ar muir bunaithe ar an dlí idirnáisiúnta, go háirithe maidir le Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige (UNCLOS), saoirse loingseoireachta agus an ceart chun gluaiseachta neamhurchóidí a chosaint, agus aghaidh a thabhairt ar bhagairtí ar shábháilteacht agus ar shlándáil mhuirí, lena n-áirítear i gcoinne bonneagar criticiúil éagsúil ar ghrinneall na farraige, chomh maith leis an timpeallacht faoi uisce agus chósta. I gcomhar lena chomhpháirtithe, leanfaidh an tAontas den chomhar a neartú, de thacaíocht a thabhairt don fheasacht ar réimsí muirí agus d'fhorbairt chumais na stát cósta — go háirithe i réigiúin a bhfuil tábhacht straitéiseach ag baint leo. Tá an tAontas tiomanta don chomhar, don chobhsaíocht agus don inbhuanaitheacht dhomhanda ar muir a chur chun cinn, bunaithe ar an gcreat dlíthiúil a bunaíodh le UNCLOS.

33. I bhfianaise na mbagairtí slándála atá ag dul i méid, tacaíonn an tAontas leis an gcomhar idirnáisiúnta chun dul i ngleic go héifeachtach leis an g**coireacht eagraithe thrasnáisiúnta** de gach cineál, lena n-áirítear an smuigleáil agus an gháinneáil ar imircigh, an gháinneáil ar dhrugaí, ar dhaoine nó ar airm thine, an choireacht airgeadais, coireanna comhshaoil nó an chibearchoireacht, an **sceimhlitheoireacht agus an t-antoisceachas foréigneach**, agus bagairtí eile a eascraíonn as **teicneolaíochtaí hibrideacha, cibeartheicneolaíochtaí, teicneolaíochtaí nua agus teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn**, lena n-áirítear iad siúd a n-éascaíonn an intleacht shaorga (IS) agus teicneolaíochtaí candamacha iad. Leis an 9ú hAthbhreithniú ar Straitéis Dhomhanda Frithsceimhlitheoireachta na Náisiún Aontaithe, tabharfar deis tiomantas láidir an Aontais do chur chuige iltaobhach frithsceimhlitheoireachta atá fréamhaithe san urraim don dlí idirnáisiúnta agus do chearta an duine a athdhearbhú. Leanfaidh an tAontas dá rannpháirtíocht réamhghníomhach i bpróisis de chuid na Náisiún Aontaithe ina bhforbraítear na noirm, na caighdeáin agus na prionsabail a bhaineann leis an gcibearspás, leis an digitiú agus le saincheisteanna teicneolaíochta. Is díol sásaimh don Aontas an dul chun cinn a rinneadh sa Mheitheal Neamhiata um an tslándáil agus úsáid TFCanna, agus tá sé tiomanta i gcónaí páirt a ghlacadh sa phlé a dhéanfar amach anseo.

34. Tá an tAontas agus a Bhallstáit tiomanta i gcónaí an **daonlathas** a chosaint, lena n-áirítear toghcháin, í a chosaint ar ionramháil eachtrach ar fhaisnéis agus ar an gcur isteach ó ghníomhaithe stáit nó gníomhaithe eile nach iad. Oibreoidh an tAontas i gcomhar le comhpháirtithe i dtreo straitéis dhomhanda chun cur i gcoinne **ionramháil agus cur isteach eachtrach ar fhaisnéis.** Tacaíonn sé le **Prionsabail Dhomhanda na Náisiún Aontaithe** maidir le Sláine Faisnéise, agus cuirfidh sé cearta an duine agus saoirsí bunúsacha, an smacht reachta agus prionsabail dhaonlathacha chun cinn go gníomhach sa spás digiteach.

PUBLIC

35. Leanfaidh an tAontas den **chreat iltaobhach maidir le dí-armáil, neamhleathadh agus rialú arm** a chaomhnú, a chosaint agus a neartú chomh maith leis an gcreat iltaobhach le haghaidh rialú onnmhairithe arm agus earraí agus teicneolaíochtaí dé-úsáide, ar príomhghné é den neamhleathadh agus d'úsáid shíochánta earraí rialaithe.

36. Roimh a Chomhdháil Athbhreithnithe 2026, tá an tAontas tiomanta i gcónaí d'uiliú agus do chur chun feidhme iomlán an **Chonartha maidir le Neamhleathadh Núicléach**. Leanfaidh sé de theacht i bhfeidhm an Chonartha um Chosc Cuimsitheach ar Thrialacha Núicléacha a shaothrú, tús a chur láithreach leis an gcaibidlíocht agus í a thabhairt i gcrích maidir leis an gConradh um ábhar inscoilte a thoirmeasc agus tacóidh sé le hobair IAEA. Leanfaidh an tAontas freisin d'ionstraimí iltaobhacha i gcoinne táirgeadh, stoc-charnadh agus úsáid arm ceimiceach agus bitheolaíoch a chur chun cinn agus a neartú a thuilleadh.

37. Tacaíonn an tAontas le h**ionstraimí rialaithe na ngnáth-arm**, agus béim á leagan ar atreorú Mionarm agus Armán Éadrom a chosc, agus ar ghnáthbhainistiú armlóin, tacú le cur chun feidhme Phlean Gníomhaíochta Siem Reap-Angkor 2025-2029 den Choinbhinsiún maidir le Toirmeasc ar Mhianaigh Fhrithphearsanra, agus ullmhúcháin don Chomhdháil Athbhreithnithe ar an gCoinbhinsiún maidir le Gnáth-Airm Áirithe in 2026. Déanfaidh an tAontas measúnú ar na deiseanna agus ar na dúshláin a bhaineann le teicneolaíochtaí nua agus le teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn maidir leis na córais arm uathrialaitheach marfach atá faoi chuimsiú chomhthéacs CCW agus na próisis maidir le húsáid fhreagrach na hintleachta saorga sa réimse míleata.

38. Ar mhaithe le timpeallacht chianspáis atá slán, sábháilte, cobhsaí agus inbhuanaithe, meabhraíonn an tAontas a thábhachtaí atá sé an dlí idirnáisiúnta sa **spás** a chomhlíonadh. Tacaíonn an tAontas agus a Bhallstáit le huiliú agus comhlíonadh iomlán Chonradh Cianspáis 1967, agus cuireann siad chun cinn go nglacfaí na noirm maidir le hiompar freagrach chun rás arm sa chianspás a chosc i ngach fóram ábhartha de chuid an Chomhthionóil Ghinearálta. Tacaíonn an tAontas le hOifig na Náisiún Aontaithe um Ghnóthaí Cianspáis a neartú agus aithníonn sé ról an Choiste um Úsáidí Síochánta an Chianspáis mar phríomhchomhlacht NA a dhéileálann leis an gcomhar idirnáisiúnta maidir le húsáid shíochánta an chianspáis.



PUBLIC

## IV. An fhorbairt inbhuanaithe a chur chun cinn i gcomhréir le Clár Oibre 2030

39. Tacaíonn an tAontas agus a Bhallstáit go hiomlán leis an iarraidh a rinneadh ag an gCruinniú Mullaigh maidir leis na SFInna in 2023 go gcuirfí dlús leis an ngníomhaíocht chun **Clár Oibre 2030 agus na SFInna a bhaint amach**, lena n-áirítear tríd an Dearbhú Polaitiúil a chur chun feidhme. I ndáil leis an méid sin, tá maoiniú le haghaidh fhorbairt agus chur chun feidhme Chlár Oibre Gníomhaíochta Addis Ababa fíor-riachtanach i gcónaí. Leanfaidh an tAontas de chur chuige atá bunaithe ar chearta an duine a chur i bhfeidhm maidir leis an bhforbairt inbhuanaithe lena n-áirítear trí chur chuige claochlaitheach lena dtéitear i ngleic le bunchúiseanna an neamhionannais agus athdhearbhaíonn sé gur bunphrionsabal de Chlár Oibre 2030 é cearta uile an duine a bhaint amach ina n-iomláine i gcomhréir leis an ngealltanas nach bhfágfar aon duine ar lár. Aithnímid a phráinní atá sé ullmhacht a neartú agus athléimneacht a chothú i leith na ngéarchéimeanna agus na ndúshlán a bhfuil moill á cur acu ar an dul chun cinn maidir leis na SFInna, go háirithe sna comhthéacsanna is leochailí.

40. Agus iad ar an soláthraí is mó ar domhan maidir le **Cúnamh Oifigiúil um Fhorbairt**, leagann an tAontas agus a Bhallstáit béim ar a thábhachtaí atá ról an chúnaimh sin mar rannchuidiú le maoiniú chur chun feidhme Chlár Oibre 2030 agus an cumas catalaíoch atá aige i dtaca le foinsí maoiniúcháin poiblí agus príobháideacha eile a ghiaráil, mar shampla acmhainní intíre, maoiniú cumaiscthe, agus infheistíochtaí príobháideacha inbhuanaithe. Trí bhíthin **Global Gateway**, tá an tAontas Eorpach, agus é ag obair i gcur chuige Fhoireann na hEorpa in éineacht le hinstitiúidí airgeadais agus leis an earnáil phríobháideach, ar thús cadhnaíochta maidir le hinfheistíochtaí claochlaitheacha i mbonneagar digiteach, fuinnimh agus iompair, agus i gcórais sláinte, oideachais agus taighde, chun an ghniomhaíocht eacnamaíoch agus cruthú post a spreagadh i dtíortha comhpháirtíochta. Cuireann Global Gateway feabhas freisin ar na dálaí le haghaidh infheistíochtaí ardcháilíochta trí chúnamh teicniúil, idirphlé beartais, comhaontuithe trádála agus infheistíochta, agus creataí caighdeánaithe agus rialála, chun cistiú breise a chur ar fáil do na SFInna.

41. Tá caipiteal príobháideach fíor-riachtanach chun an t-aistriú inbhuanaithe a bhaint amach. Ní mór d'institiúidí airgeadais idirnáisiúnta ról lárnach a imirt maidir le **sreabha airgeadais príobháideacha a shlógadh**. Tacaíonn an tAontas le samhlacha oibriúcháin comhthéacs-sonracha agus earnáil-sonracha agus uirlisí nuálacha maoiniúcháin a fhorbairt le haghaidh slógadh na n-earnálacha príobháideacha ar mhaithe leis an bhforbairt inbhuanaithe. Is díol sásaimh don Aontas Creataí Maoiniúcháin Náisiúnta Comhtháite faoi stiúir na tíre mar bhealach chun maoiniú poiblí agus príobháideach a shlógadh agus a ailíniú leis na SFInna, i gcomhréir le tosaíochtaí náisiúnta.

42. Ag meabhrú di na **conclúidí ón gComhairle roimh an 4ú Comhdháil Idirnáisiúnta um Maoiniú Forbraíochta – Conairí i dtreo an dul chun cinn**: an tionchar ar an bhforbairt inbhuanaithe agus ar an rathúnas domhanda a uasmhéadú, athdhearbhaíonn an tAontas na prionsabail agus na seasaimh uaidh a leagtar amach iontu. Leanann an tAontas de bheith rannpháirteach ar bhealach gníomhach i neartú an ollstruchtúir airgeadais idirnáisiúnta chun aghaidh níos fearr a thabhairt ar dhúshláin dhomhanda, agus leanfaidh sé de bheith ag cur go mór lena chuspóirí i ngach fóram idirnáisiúnta.

43. Tacaíonn an tAontas go láidir le **rialachas digiteach domhanda** il-gheallsealbhóirí agus cuimsitheach agus tá sé i mbun oibre chun córas iltaobhach éifeachtach a mhúnlú chun claochlú digiteach a chur chun cinn ar fud an domhain. Ní mór an t-idirlíon agus teicneolaíochtaí digiteacha a bheith fréamhaithe i gcur chuige atá dírithe ar an duine agus ar chearta an duine, agus arb é is aidhm dó na deighiltí digiteacha uile a dhúnadh agus todhchaí dhigiteach chuimsitheach, oscailte, shábháilte, shlán a áirithiú do chách. Leanfaidh an tAontas de bheith ar thús cadhnaíochta maidir le hobair leantach agus cur chun feidhme leordhóthanach den **Chomhshocrú Digiteach Domhanda** a áirithiú, agus maidir le brú siar i gcoinne iarrachtaí chun an bonn a bhaint de na gealltanais a tugadh ann, lena n-áirítear laistigh den phróiseas athbhreithnithe ar an gCruinniú Mullaigh Domhanda faoin tSochaí Faisnéise atá ar siúl faoi láthair.

44. Deis atá sa Dara **Chruinniú Mullaigh Domhanda** maidir le **Forbairt Shóisialta** athnuachan a dhéanamh ar an gconradh sóisialta, conradh atá fréamhaithe i gcearta an duine, agus i nDearbhú na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair (EIS) maidir le Prionsabail Bhunúsacha agus Cearta Bunúsacha san Obair. Tacaíonn an tAontas leis an gComhghuaillíocht Dhomhanda um Chheartas Sóisialta chun rannchuidiú le cuspóirí an Chruinnithe Mullaigh agus chun obair leantach éifeachtach a áirithiú. Ní mór guthanna éagsúla a chloisteáil, mar aon leis na príomhpháirtithe leasmhara i gclár oibre an Dara Chruinniú Mullaigh Domhanda maidir le Forbairt Shóisialta, lena n-áirítear na comhpháirtithe sóisialta, an tsochaí shibhialta, go háirithe mná agus eagraíochtaí don óige.

45. Athdhearbhaíonn an tAontas an ról ceannasach atá ag an Aontas agus a Bhallstáit maidir leis an tsláinte dhomhanda a chur chun cinn i gcomhar lena gcuid comhpháirtithe, bunaithe ar an dlúthpháirtíocht, ar an daonnacht, ar an gcothromas, ar an gcomhionannas inscne agus ar an urraim do chearta an duine. Is deis é an 4ú Cruinniú Ardleibhéil maidir le Galair Neamhtheagmhálacha chun dlús a chur leis an obair maidir le haghaidh a thabhairt ar ghalair neamhtheagmhálacha, arb iad an sciar is troime d'ualach galar an Aontais agus d'ualach galar an domhain. Is éard is aidhm do na hiarrachtaí chun **Comhaontú Paindéimíe** a ghlacadh, go ndéanfar **acmhainneachtaí a neartú** agus feabhas a chur ar an gcur chuige domhanda chun paindéimí a chosc, agus go n-ullmhófar do phaindéimí sa todhchaí agus go bhféadfar freagairt orthu. Leanfaidh an tAontas agus na Ballstáit de pháirt a ghlacadh sa chaibidlíocht bhreise, sa phróiseas daingniúcháin agus i gcéim an chur chun feidhme.

PUBLIC

46. Leagann an tAontas agus a Bhallstáit béim ar a thiomanta atá siad tacú leis na **tíortha is lú forbairt** (TLFanna) i gcur chun feidhme Chlár Gníomhaíochta Doha, agus le **stáit oileánacha bheaga i mbéal forbartha** (SIDS) i gcur chun feidhme Chlár Oibre Antigua agus Barbúda do SIDS. Tacaíonn an tAontas agus a Bhallstáit freisin le **tíortha talamhiata atá i mbéal forbartha** agus aghaidh á thabhairt acu ar na ndúshláin uathúla atá acu agus tá siad ag súil le 3ú Comhdháil na Náisiún Aontaithe maidir le tíortha talamhiata atá i mbéal forbartha.

### V. Aghaidh a thabhairt ar an 'ngéarchéim phláinéideach thriarach'

47. Is bagairt dhomhanda don chine daonna í **géarchéim thriarach phláinéadach an athraithe aeráide, chailliúint na bithéagsúlachta agus an truaillithe**, rud a éilíonn freagairt dhomhanda. Seasann an tAontas go daingean lena thiomantas do na comhaontuithe comhshaoil iltaobhacha, lena n-áirítear Creat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide, Comhaontú Pháras, an Coinbhinsiún maidir leis an mBithéagsúlacht, Creat Domhanda Bithéagsúlachta Kunming-Montréal, agus Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe chun an Gaineamhlú a Chomhrac, agus iarrann sé ar na comhpháirtithe uile déanamh amhlaidh.

48. Athdhearbhaíonn an tAontas a thábhachtaí atá sé go mbeadh comhthuiscint ann gur bagairt eiseach iad **an t-athrú aeráide agus díghrádú an chomhshaoil**, go háirithe do na daoine is leochailí, agus go gcuireann siad leis na hábhair imní slándála ós rud é gur measa an éagobhsaíocht agus na coinbhleachtaí mar gheall orthu, agus go mbíonn tionchar acu freisin ar shlándáil an tsoláthair bia. Cruthaíonn gaineamhlú, díghrádú talún agus triomach dúshláin mhóra chomhshaoil, eacnamaíocha, shóisialta agus slándála don fhorbairt inbhuanaithe. Tá sé ríthábhachtach go leanfaidh na Náisiúin Aontaithe d'aghaidh a thabhairt ar an nasc idir an comhshaol agus an tslándáil, ar an nasc idir an aeráid agus an tslándáil, ar an nasc idir an t-uisce agus an tslándáil chomh maith leis an nasc idir na haigéin, an bhithéagsúlacht agus an aeráid tríd an nasc sin a phríomhshruthú agus a oibríochtú ar fud a chuid oibre. Glacfaidh an tAontas páirt ghníomhach sa phlé maidir leis an gceart daonna a chur chun cinn go mbeadh ag an uile dhuine comhshaol atá glan, sláintiúil agus inbhuanaithe.

PUBLIC

49. Deich mbliana ó **Chomhaontú Pháras**, tá an t-aistriú domhanda chuig geilleagar aeráidneodrach ar siúl, fiú má tá go leor fós le déanamh. Seasann an tAontas go daingean lena thiomantas do Chomhaontú Pháras agus tá sé ar an mbóthar ceart chun a sprioc 2030 a bhaint amach, is é sin astaíochtaí a laghdú 55 % ar a laghad faoi bhun leibhéil 1990. Iarrann an tAontas an athuair go **n-aistreofaí ó bhreoslaí iontaise** i gcórais fuinnimh ar bhealach cóir, ordúil agus cothrom, i gcomhréir le conair 1.5°C, chun glan-nialasacht a bhaint amach faoi 2050 i gcomhréir leis an eolaíocht; Ina theannta sin, d'iarr an tAontas go ndéanfaí acmhainneacht fuinnimh in-athnuaite a mhéadú faoi thrí ar fud an domhain, meánráta bliantúil domhanda na bhfeabhsuithe éifeachtúlachta fuinnimh a dhúbailt faoi 2030 agus dlús a chur le teicneolaíochtaí astaíochtaí nialasacha agus teicneolaíochtaí íseal-astaíochtaí.

50. Tá sé ríthábhachtach go dtíolacfaidh na Páirtithe uile, agus go háirithe na hastaírí agus na geilleagair is mó ar domhan, roimh **COP30 in Belém,** Rannchuidithe uaillmhianacha arna gCinneadh go Náisiúnta (NDCanna), atá ailínithe le toradh an chéad athbhreithnithe dhomhanda faoi Chomhaontú Pháras agus leis an sprioc 1.5°C, mar atá bunaithe ar an eolaíocht is déanaí, lena n-áirítear dearbhspriocanna uile-gheilleagair agus dearbhspriocanna laghdaithe lena gcumhdaítear na gáis ceaptha teasa, na hearnálacha agus na catagóirí uile, agus a mbeidh beartais agus bearta nithiúla mar bhonn taca leo. Cuirfidh an tAontas agus a Bhallstáit a rannchuidiú féin isteach le haghaidh COP30 in am.

51. Ina theannta sin, tá an tAontas lántiomanta i gcónaí do chailliúint na bithéagsúlachta a stopadh agus a aisiompú, do Chreat Domhanda Bithéagsúlachta Kunming-Montréal a chur chun feidhme go tráthúil i gcomhar lena chuid comhpháirtithe idirnáisiúnta, chomh maith le maoiniú na bithéagsúlachta a mhéadú. Molann an tAontas go mbeadh rialachas agus idirphlé idirnáisiúnta níos láidre ann maidir leis na haigéin, [is díol sásaimh dó torthaí Chomhdháil 2025 na Náisiún Aontaithe maidir leis na hAigéin] agus geallann sé spriocanna Chlár Oibre 2030 a bhaineann leis na haigéin a chur chun feidhme go práinneach. Iarrann an tAontas go ndaingneofar an Comhaontú go pras agus go gcuirfear chun feidhme go héifeachtach é faoi Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige i ndáil le Caomhnú agus Úsáid Inbhuanaithe na hÉagsúlachta Bitheolaíche Muirí i Limistéir lasmuigh den Dlínse Náisiúnta (BBNJ) agus iarrann sé ar thíortha páirt a ghlacadh sa Chomhghuaillíócht Ard-Uaillmhéine maidir le BBNJ.

52. Tá dúshláin shuntasacha roimh an gcóras bia domhanda, lena n-áirítear coinbhleacht, an t-athrú aeráide, cailliúint na bithéagsúlachta, agus díghrádú an chomhshaoil. Tá an tAontas tiomanta tacú leis an t**slándáil dhomhanda bia agus cothúcháin** trí bhia inbhuanaithe, cothaitheach agus inacmhainne a chur chun cinn do dhaonra méadaitheach an domhain. Molann an tAontas go mbeadh straitéis il-earnálach agus il-gheallsealbhóirí ann bunaithe ar chomhar láidir le comhpháirtithe iltaobhacha, agus é tiomanta do chur chuige an chumarphointe idir an daonnúlacht, an fhorbairt agus an tsíocháin maidir le cosc agus freagairt. Áirithíonn an tAontas comhleanúnachas beartais idir a straitéisí slándála bia agus cothúcháin inmheánacha agus seachtracha, agus a chuid gníomhaíochtaí san Eoraip á n-ailíniú le gealltanais dhomhanda maidir le córais bhia inbhuanaithe agus maidir le deireadh a chur leis an ocras agus leis an míchothú.

53. Tá sé ríthábhachtach freisin sineirgí a bharrfheabhsú, ag tógáil ar Chur Chuige Coiteann na Náisiún Aontaithe maidir le **Truailliú**, lena n-aithnítear a phráinní atá sé go ndéanfaí gníomhaíocht chomhordaithe dhomhanda agus lena dtugtar gealltanas cosc agus laghdú ar thruailliú a phríomhshruthú i straitéisí agus i gcláir oibre eintitis na Náisiún Aontaithe. Tacaíonn an tAontas ar bhealach gníomhach le cur chun feidhme an Chreata Dhomhanda maidir le Ceimiceáin agus leis an obair chun bailchríoch a chur ar an gcaibidlíocht agus chun an Painéal Eolaíochta maidir le Ceimiceáin, Dramhaíl agus Truailliú a bhunú, agus an chaibidlíocht a thabhairt i gcrích le haghaidh Ionstraim Idirnáisiúnta atá ceangailteach ó thaobh dlí chun deireadh a chur le truailliú plaisteach, lena n-áirítear an mhuirthimpeallacht. Ina theannta sin, chun truailliú a chosc agus a rialú ar bhealach éifeachtach, tá sé ríthábhachtach feasacht a mhúscailt maidir le ceimiceáin agus bainistiú dramhaíola ar fud na n-earnálacha uile, agus tús a chur le hidirphlé polaitiúil ardleibhéil a théann thar theorainneacha institiúideacha ar bhealach níos cuimsithí ná mar a rinneadh go dtí seo.

54. Tá sé ríthábhachtach don fhorbairt inbhuanaithe go mbainfí amach athléimneacht **uisce** agus go mbeadh an timthriall uisce domhanda cobhsaí, má táthar chun cearta an duine a bhaint amach agus ar mhaithe leis an tsíocháin agus an tslándáil. Tá an tAontas tiomanta i gcónaí aghaidh a thabhairt ar an nganntanas uisce agus ar na tuilte atá ag dul i méid ar fud an domhain, agus rochtain ar uisce óil agus ar shláintíocht a áirithiú do chách, agus leanfaidh sé de thacaíocht a thabhairt don chur chuige 'ó fhoinse go muir' chomh maith lena áirithiú go dtabharfar aghaidh ar bhealach leordhóthanach ar uisce i bpríomhphróisis iltaobhacha agus i gcomhaontuithe ábhartha. Molann an tAontas go ndéanfaí obair leantach uaillmhianach ar an gClár Oibre Gníomhaíochta um an Uisce agus ar Chomhdhálacha Uisce na Náisiún Aontaithe, atá le bheith gníomh-bhunaithe, cuimsitheach, trasearnálach agus le heagrú in 2026 agus 2028, agus iarrann sé go ndéanfaí próiseas rialta idir-rialtasach a reáchtáil maidir le huisce. Molann an tAontas freisin go gcuirfí chun feidhme Straitéis Uile-Chórais um Uisce agus Sláintíocht na Náisiún Aontaithe, agus Sláintíocht agus go leanfaí de dhomhandú Choinbhinsiún Uisce na Náisiún Aontaithe maidir le Cosaint agus Úsáid Sruthchúrsaí Trasteorann agus Lochanna Idirnáisiúnta a d'fhéadfadh cabhrú leis an gcobhsaíocht, an tsíocháin agus an tslándáil dhomhanda.

PUBLIC